

The Phoenix sa Daingean

Ceist 1

Féach ar an mír den chéad uair gan aon réamhullmhúchán a dhéanamh. Pléigh ábhar na míre leis an duine in aice leat tar éis na chéad féachana.



Ceist 2

Sula bhféachfaidh tú ar an mír den dara huair, an féidir leat féin agus an duine in aice leat Gaeilge a chur ar na focail agus na frásaí seo?

- end of an era: _____
- final, last: _____
- family-run: _____
- permanently: _____
- in the heart of Dingle town: _____
- to close: _____
- people of the peninsula: _____
- it inspired me a lot: _____
- the pandemic: _____
- independent: _____
- to compete with: _____

Féach ar an mír arís. An raibh an ceart agat?

Ceist 3

Cum ceistanna atá bunaithe ar an tuairisc le cur ar an duine in aice leat.

Ceist 4 ‘...nach mbeidís...’ agus ‘...a tharlóidh...’

Cén deirí a bhíonn leis na briathra san aimsir fháistineach agus sa mhodh coinníollach? Scríobh foirmeacha na bpearsan uile sa tábla thíos.

Ná déan dearmad den fhoirm cheisteach ná de na freagraí, idir dhearfach agus diúltach!

	An Aimsir Fháistineach	An Modh Coinníollach
dún		
aimsigh		
cuir		
ceannaigh		

Ceist 5 ‘...Tá scannáin á dtaispeáint sa Phoenix...’

Féach ar an sampla thuas ón mír agus na samplaí eile seo a leanas:

Tá an scannán deireanach á thaispeáint sa phictiúrlann.

Tá an tsraith dheireanach á taispeáint i mblíana.

Tabhair faoin gcleachtadh seo anois:


1. Tá an iris á (seoladh) _____ san ionad pobail faoi láthair.
2. Ní bheidh na litreacha á (cur) _____ sa phost go dtí Dé Luain.

3. Tá cinneadh an rialtais á (cáineadh) _____ sna meáin.
4. Beidh an clár teilifíse á (craoladh) _____ anocht.
5. Bhí na ceachtanna á (déanamh) _____ againn nuair a tháinig an cigire isteach.

Ceist 6

Féach ar na cineálacha scannán thíos. Is féidir leat cur leis an liosta má cheapann tú go bhfuil seánra fágtha ar lár. Cuir na scannáin in ord tosaíochta ansin. Bíodh uimhir a haon agat in aice leis an seánra is fearr leat féin agus mar sin ar aghaidh. Cuir do liosta i gcomparáid le liostaí na ndaoine eile sa ghrúpa.

scannán beochana
scannán buachaillí bó
scannán grá
scannán grinn
scannán aicsin
scannán fantaisíochta
scannán uafáis



Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

Iarr ar gach beirt ábhar na míre a phlé le chéile tar éis éisteacht amháin.

Ceist 2

end of an era:	<i>deireadh ré</i>
final, last:	<i>deiridh</i>
family-run:	<i>faoi stiúir teaghlaigh</i>
permanently:	<i>go buan</i>
in the heart of Dingle town:	<i>i gceartlár bhaile an Daingin</i>
to close:	<i>le hiamh</i>
people of the peninsula:	<i>muintir na leithinse</i>
it inspired me a lot:	<i>spreag sé go mór mé</i>
the pandemic:	<i>an phaindéim</i>
independent:	<i>neamhspleách</i>
to compete with:	<i>dul in iomaíocht le</i>

Ceist 3

Ceisteanna samplacha:

- Cathain a dúnadh an phictiúrlann?
- Cá bhfuil an phictiúrlann?
- Cén fad a bhí an phictiúrlann oscailte?
- Cé leis an phictiúrlann?
- Cad eile a bhíodh ag tarlú san fhoirgneamh?
- Cad a chuaigh i bhfeidhm go mór ar Aodh Ó Coileáin?
- Cén fáth a bhfuil an phictiúrlann ag dúnadh?

Ceist 4

	An Aimsir Fháistineach	An Modh Coinníollach
dún	dúnfaidh mé dúnfaidh tú dúnfaidh sé / sí dúnfaimid/dúnfaidh muid dúnfaidh sibh dúnfaidh siad an ndúnfaidh mé? ní dhúnfaidh mé	dhúnfainn dhúnfá dhúnfadh sé / sí dhúnfaimis / dhúnfadh muid dhúnfadh sibh dhúnfaidís / dhúnfadh siad an ndúnfá? ní dhúnfá
aimsigh	aimseoidh mé aimseoidh tú aimseoidh sé / sí aimseoidimid / aimseoidh muid aimseoidh sibh aimseoidh siad an aimseoidh sé? ní aimseoidh sé	d'aimseoinn d'aimseofá d'aimseodh sé / sí d'aimseoidimid / d'aimseodh muid d'aimseoidh sibh d'aimseoidís / d'aimseodh siad an aimseodh sí? ní aimseodh sí

cuir	<p>cuirfidh mé cuirfidh tú cuirfidh sé / sí cuirfimid / cuirfidh muid cuirfidh sibh cuirfidh siad</p> <p>an gcuirfimid? ní cuirfimid</p>	<p>chuirfinn chuirfeá chuirfeadh sé / sí chuirfimis / cuirfeadh muid chuirfeadh sibh chuirfidís / cuirfeadh siad</p> <p>an gcuirfeadh siad? ní cuirfeadh siad</p>
ceannaigh	<p>ceannóidh mé ceannóidh tú ceannóidh sé / sí ceannóimid / ceannóidh muid ceannóidh sibh ceannóidh siad</p> <p>an gceannóidh tú? ní ceannóidh tú</p>	<p>cheannóinn cheannófá cheannódh sé / sí cheannóimis / cheannódh muid cheannódh sibh cheannóidís / cheannódh siad</p> <p>an gceannóinn? ní cheannóinn</p>

Ceist 5

1. Tá an iris á **seoladh** san ionad pobail faoi láthair.
2. Ní bheidh na litreacha á **gcur** sa phost go dtí Dé Luain.
3. Tá cinneadh an rialtais á **cháineadh** sna meáin.
4. Beidh an clár teilifíse á **chraoladh** anocht.
5. Bhí na ceachtanna á **ndéanamh** againn nuair a tháinig an cigire isteach.

Ceist 6

Is féidir gach triúr nó ceathrar a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin cuid de na roghanna a phlé leis an rang iomlán.

Siún Nic Gearailt

Anois deireadh ré i gContae Chiarraí, áit a¹ bhfuil ceann de na pictiúrlanna deiridh sa tír atá fós faoi stiúir teaghlaigh, le dúnadh go buan. Tá pictiúrlann an *Phoenix* sa Daingean dúnta ó cuireadh tús le srianta COVID-19 i mí Márta² 2020. Ach inniu, d'fhógair muintir Uí Shuilleabháin, atá i mbun na pictiúrlainne ó 1979, nach mbeidís ag oscailt arís. Tá scannáin á dtaispeáint sa *Phoenix* ó na 1930í agus le linn ré na mbannaí ceoil bhíodh rincí ar bun sa phictiúrlann.

Aodh Ó Coileáin, Stiúrthóir an MA sa Chumarsáid, OÉG

Is foirgneamh stairiúil é seo i gceartlár bhaile an Daingin, agus ní fios cad a tharlóidh dó. Tá an fógra anois tugtha ag muintir Uí Shuilleabháin go bhfuil an áit le hiamh. Ach tá ceisteanna ag muintir an bhaile faoin bhfoirgneamh féin, mar i ndáiríre go bhfuil an oiread sin baint ag muintir na leithinse leis an bhfoirgneamh sin ó thaobh rincí, mar is amharclann a bhí ann. Chonaic mise mo chéad dráma ann, *The Playboy of the Western World* leis an Athair Tomás Ó hIcí i Meán Fómhair na bliana 1979, bliain an Phápa, agus spreag sé go mór mé an uair sin.

Is deacair a bheith i ndiaidh mhuintir Uí Shuilleabháin an cinneadh seo a thógaint³ mar tá *Netflix* agus *Amazon* anuas orainn. Tá siad sa seomra suite agus chuir an phaindéim, COVID-19, dlús faoi na rudaí sin ar fad. Tá níos mó daoine ag fanacht ag an mbaile. Tá níos mó béime ar na scáileáin bhaile ar an ríomhaire agus mar sin de. Agus, ní féidir le pictiúrlann bheag neamhspleách i mbaile seirbhíse Gaeltachta in iarthar tíre dul in iomaíocht leis na comhlachtaí móra seo atá ábalta scannáin nua a chur ar fáil ar phraghas i bhfad níos saoire.

¹ áit a bhfuil an leagan caighdeánach

² mí an Mhárta an leagan caighdeánach

³ tógáil an leagan caighdeánach